*Uimhir* 8 *de* 2024

# An tAcht um Cheartas Coiriúil (Leanaí a Chur ag Gabháil do Ghníomhaíocht Choiriúil), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 8 *de* 2024

# AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (LEANAÍ A CHUR AG GABHÁIL DO GHNÍOMHAÍOCHT CHOIRIÚIL), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Mínithe

2. Cionta agus forálacha gaolmhara

3. Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997

4. Feidhm an Achta

5. Gearrtheideal agus tosach feidhme

An tAcht dá dTagraítear

An tAcht um Bannaí, 1997 (Uimh. 16)

*Uimhir* 8 *de* 2024

# AN tACHT UM CHEARTAS COIRIÚIL (LEANAÍ A CHUR AG GABHÁIL DO GHNÍOMHAÍOCHT CHOIRIÚIL), 2024

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh socrú maidir le cionta a bhaineann le leanbh a chur ag gabháil do ghníomhaíocht choiriúil; do leasú an Achta um Bannaí, 1997; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [11 *Márta* 2024]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**Mínithe**

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn “aosach” duine a bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici;

ciallaíonn “leanbh” duine nach bhfuil 18 mbliana d’aois slánaithe aige nó aici;

ciallaíonn “gníomhaíocht choiriúil” gníomhaíocht—

(a) ar cion í, nó

(b) ar chion a bheadh inti dá mba dhuine lánaoise láninniúlachta a bhí ag gabháil di;

ciallaíonn “treorú a thabhairt”, i ndáil le gníomhaíocht choiriúil—

(a) an ghníomhaíocht a rialú nó maoirsiú a dhéanamh uirthi, nó

(b) ordú, treoir nó treoraíocht a thabhairt do dhuine, nó iarraidh a dhéanamh ar dhuine, maidir leis an ngníomhaíocht a dhéanamh, agus é ar intinn go ndéanfaidh an duine an ghníomhaíocht sin.

**Cionta agus forálacha gaolmhara**

**2.** (1) Maidir le haosach, a bhfuil a fhios aige nó aici gur leanbh duine nó atá mearghánta i dtaobh cibé acu an leanbh duine is leanbh—

(a) a chuirfidh iallach ar an leanbh, a chomhéigneoidh an leanbh nó a thabharfaidh treorú don leanbh, nó

(b) a dhéanfaidh meabhlaireacht ar an leanbh,

chun a chur faoi deara don leanbh sin a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht choiriúil, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Maidir le haosach, a bhfuil a fhios aige nó aici gur leanbh duine nó atá meargánta i dtaobh cibé acu an leanbh duine is leanbh—

(a) a aslóidh an leanbh nó a iarrfaidh ar an leanbh, nó

(b) a chabhróidh nó a neartóidh leis an leanbh, a chomhairleoidh don leanbh nó a thabharfaidh ar an leanbh,

chun a chur faoi deara don leanbh sin a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht choiriúil, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Féadfar aosach a chiontú i gcion faoin alt seo is cuma, maidir leis an leanbh lena mbaineann—

(a) ar ghabh sé nó sí don ghníomhaíocht choiriúil lena mbaineann,

(b) an raibh sé beartaithe aige nó aici a bheith ag gabháil don ghníomhaíocht choiriúil lena mbaineann, nó

(c) an ndearnadh é nó í a ionchúiseamh i leith aon chion, nó an bhfuarthas ciontach é nó í in aon chion, arb éard é an ghníomhaíocht choiriúil lena mbaineann.

(4) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

**Leasú ar an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997**

**3.** Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Acht um Bannaí, 1997 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 44:

"*Cionta faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Leanaí a Chur ag Gabháil do Ghníomhaíocht Choiriúil), 2024*

**45.** Cion faoin *Acht um Cheartas Coiriúil (Leanaí a Chur ag Gabháil do Ghníomhaíocht Choiriúil), 2024.*".

**Feidhm an Achta**

**4.** Ní dochar forálacha an Achta seo d'aon achtachán eile ná d'aon riail dlí.

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**5.** (1) Féadfar an tAcht um Cheartas Coiriúil (Leanaí a Chur ag Gabháil do Ghníomhaíocht Choiriúil), 2024 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Dlí agus Cirt le hordú.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

---

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

9 781399 341509